# Tastáil: Réamh-Cothromóidí

1. Chaith Sinéad €40 ar bhróga. B'in €14 níos lú ná mar a chaith sí ar mhála. Cé mhéad a chaith sí ar an mála?
   A. €26
   B. €54
   C. €27
   D. €13

2. Chaith Sinéad €x ar bhróga. B'in €14 níos lú ná mar a chaith sí ar mhála. Cé mhéad a chosain an mála?
   A. €x
   B. €(x+14)
   C. €(x-14)
   D. €14x

3. Chaith Aoileann €x ar bhróga. B'in €12 níos mó ná mar a chaith sí ar mhála. Cé mhéad a chosain an mála?
   A. €(x+12)
   B. €x/12
   C. €12x
   D. €(x-12)

4. Chaith Máire Áine €y ar bhróga. B'in a thrí oiread níos mó ná mar a chaith sí ar scaif. Cé mhéad a chosain an scaif?
   A. €3y
   B. €(y/3)
   C. €(y+3)
   D. €(y-3)

5. Chaith Peadar €y ar bhróga. B'in a thrí oiread níos lú ná mar a chaith sé ar sheaicéad. Cé mhéad a chosain an seaicéad?
   A. €3y
   B. €3/y
   C. €(3+y)
   D. €(3-y)

6. Abair gurb é x líon na mbuachaillí sa rang. Sin triúr níos mó ná an líon cailíní sa rang céanna. Cé mhéad cailín sa rang?
   A. x+3
   B. x-3
   C. 3x

7. Bíodh líon na mbuachaillí sa rang cothrom le x. Sin a cheithre oiread an líon cailíní sa rang. Cé mhéad cailín atá sa rang?
   A. x+4
   B. x-4
   C. x/4
   D. 4x

8. Abair gurb é x líon na mbuachaillí sa rang. Tá ceathrar níos lú cailíní ann ná buachaillí. Cé mhéad cailín sa rang?
   A. x-4
   B. x+4
   C. 4x
   D. x/4

9. Roinneadh rang 30 dalta ina trí ghrúpa; i ngrúpa amháin bhí seisear de bhreis ar an dá ghrúpa eile, agus bhí an dá ghrúpa eile ar cóimhéid. Cé mhéad i ngach grúpa?
   A. 12,12 agus 6
   B. 10,10 agus 10
   C. 13, 13 agus4
   D. 8, 8 agus 14

10. Roinneadh rang 30 dalta ina trí ghrúpa; bhí grúpa amháin seisear níos lú ná an dá ghrúpa eile, a bhí ar cóimhéid. Cé mhéad i ngach grúpa?
   A. 10,10 agus 10
   B. 12,6 agus 6
   C. 12,12 agus 6
   D. 12,12 agus 12

11. Roinn €40 ar cheathrar ionas go mbeidh a dhá oiread ag an dara duine is atá ag an gcéad duine, ionas go mbeidh a thrí oiread ag an tríú duine is atá ag an gcéad duine, agus ionas go mbeidh a cheithre oiread ag an gceathrú duine is atá ag an gcéad duine. Cé mhéad a fhaigheann gach duine?
    A. 10, 12,13 agus 14

    B. 1, 2,3 agus 4

    C. 4,8,12 agus 16

12. Má roinntear x ar chúigear, cé mhéad a fhaigheann gach duine?
    A. 5x

    B. x/5

    C. x+5

13. Roinn €42 ar cheathrar, ionas go mbeidh euro níos mó ag an dara duine ná mar atá ag an gcéad duine, ionas go mbeidh €2 níos mó ag an tríú duine ná mar atá ag an gcéad duine agus ionas go mbeidh €3 níos mó ag an gceathrú duine ná mar atá ag an gcéad duine. Cé mhéad a fhaigheann gach duine?
    A. €10, €11, €12 agus €13

    B. €10.50, €11.50, €12.50 agus €13.50

    C. €9, €10, €11 agus €12

14. Fuair Seán 48 sa tástáil, sin 8 níos airde ná Ruairí, agus fuair Mairéad a dhá oiread is a fuair Ruairí. Cén marc a fuair Mairéad?
    A. 80

    B. 96

    C. 50

15. Páirc dhronuilleogach agus tá an leithead 30 méadar níos mó ná an fad. 560 méadar atá san imlíne. Faigh fad na páirce.
    A. 140 méadar

    B. 125 méadar

    C. 155 méadar